

## Aighneacht

### Plean Forbartha

## Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

### Meán Fómhair 2020

#### INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Plean Forbartha Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Is í aidhm an aighneacht seo go n-iarrfar go mbeidh an Ghaeltacht i bPort Láirge san áireamh sa Plean Forbartha agus a chúinsí sochtheangeolaíochta nuair atá pleanáil ar siúl sa cheantar.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht i nGaeltacht Phort Láirge. Is tríd an bPlean Forbartha seo gur féidir díriú ar sin.

## POBAL NA GAEILGE I NGAELTACHT PHORT LÁIRGE

De réir an daonáirimh deireanach i 2016 tá daonra de 1,816 I nGaeltacht Phort Láirge. As an daonra sin tá 1,286 in ann Gaeilge a labhairt, sin 70.8%. Tá sin nach mór dhá oiread an meán náisiúnta de 39.8%. Tá méid na cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais (cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus cainteoirí laethúla taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais san áireamh) 467, sin 25.7% de dhaonra Ghaeltacht Phort Láirge. Mar sin feiceann sin gur mionlach iad cainteoirí Gaeilge laethúla Gaeltacht Phort Láirge.

I 2011 bhí daonra de 1,784 ann. Mar sin d'fhás an daonra ansin le 32 duine, 1.7%. Bhí pobal labhartha na Gaeilge ansin 1,271, 71.2%. Sin titim 0.4% de phobal labhartha na Gaeilge i nGaeltacht Phort Láirge. Ní mórán athrú é ach caithfear súil a choinneáil ar an chlaonadh sin. I dtaobh cainteoirí laethúla bhí 454 ann. Sin fás de 13. Is í Gaeltacht Phort Láirge an t-aon Ghaeltacht sa tír go raibh fás ar na cainteoirí laethúla idir 2011 agus 2016, ag am go raibh titim de 2,589 ann sna Gaeltachtaí ar fad, titim 11%. Mar sin tá gníomhaíochtaí á dhéanamh i nGaeltacht Phort Láirge atá ag méadú líon na cainteoirí laethúla agus tá coinneáil leis na gníomhaíochtaí sin agus cinntiú nach bhfuil aon gníomhaíochtaí á dhéanamh chun líon na cainteoirí laethúla a laghdú. Tá pleanáil mar chuid thábhachtach de sin.

## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

In Ailt 10 – (2) (m) luann sé san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 : '(m) oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.'

Mar sin tá dualgas reachtúil ag an gComhairle an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht. Tá gá mar sin anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar aon fhorbairt nua a dhéantar sa Ghaeltacht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an fhorbairt sin ar an stad sochtheangeolaíochta sa cheantar.

## SCÉIM TEANGA COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE 2018 - 2021

I Scéim Teanga Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2018 – 2021 deir sé 'Aithníonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an tábhacht agus an luach a bhaineann le pobal na Gaeltachta i gCo. Phort Láirge agus déanfar gach iarracht tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'oidhreacht chultúrtha agus teangeolaíoch ar leith na Gaeltachta i ngach gníomhaíocht de chuid na Comhairle.'

Luann sé freisin 'Aithníonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an tábhacht agus suntas a bhaineann leis an bpróiseas Pleanála Teanga mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta 2012 agus sa Straitéis 20 Bliain don nGaeilge. Tacóidh an Chomhairle leis an gCeanneagraíocht, Comhlucht Forbartha na nDéise agus an Plean Teanga á chur i bhfeidhm aige i nGaeltacht na nDéise, fad is a bhaineann sé le feidhmeanna an údaráis áitiúil. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht agus éascú d'obair an ghrúpa Dún Garbhán le Gaeilge maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Teanga do bhaile Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta chomh maith.'

Ar chúrsaí pleanála tá sé ráite 'Déanfar iarratais phleanála a phróiseáil i nGaeilge nuair a iarrtar san. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le cur i bhfeidhm na riachtanas a bhaineann le hInniúlacht Teanga i gceadanna pleanála Gaeltachta. Beidh forálacha a chinnteoidh tacaíocht do agus forbairt leanúnach ar oidhreacht teangeolaíoch agus chultúrtha Ghaeltacht na nDéise mar chuid den gcéad Phlean Forbartha eile de chuid na

Comhairle do Chathair agus do Chontae Phort Láirge, de réir na nAchtanna um Pleanáil & Forbairt.’ Is maith go bhfuil sin luaithe sa Scéim Teanga, ní gá ach é a chur i bhfeidhm anois sa Phlean Forbartha seo.

#### PLEAN TEANGA NA NDÉISE 2018 - 2024

Tagann Pleananna Teanga ar bhonn reachtúil ó Acht na Gaeltachta 2012. Is faoin Aire Gaeltachta a cheadaítear na Pleananna Teanga.

I bPlean Teanga na nDéise 2018 – 2024 tá sé ráite ‘Tá an tábhacht a bhaineann leis an nGaelainn mar theanga phobail sa Ghaeltacht aitheanta ag an Stáit ón uair a bunaíodh na Gaeltachtaí agus bunús reachtúil tugtha don aitheantas seo i réachtaíocht éagsúil thar na mblianta. De réir An Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, tá dualgas ar údaráis áitiúla aird a thabhairt ar an méid seo a leanas ina gcuid pleananna forbartha: “the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language.” [Alt 10.2(m)]. Tá na gealltanais seo a leanas tugtha i bPlean Forbartha Chontae Phort Láirge 2011-2017 (Caibidil 9), Polasaí CS 19: 154 It is the policy of the Council to: - Protect and sustain the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht area; - Promote the use of Irish in the Gaeltacht area, in the home, schools and in the workplace; - Focus residential development on accommodating the natural growth of the indigenous populations; - Promote appropriate economic development, which would sustain the area and promote the use of Irish in Business. Dá bharr san – Forbairtí Cónaitheacha - Tithe Aonaracha: Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha pleanála ionas nach mbeidh sé chomh deacair do dhaoine áitiúla cead pleanála a d’fháilt do thithe aonaracha. Gheobhfá Cáilíocht Chónaitheach Gaeltachta a aithint, a fhéachfadh go fábrach ar iarratais ó dhaoine arbh as an gceantar dóibh, agus ar dhaoine le líofacht Gaelainne, a bheadh ag iarraidh tigh a thógaint sa Ghaeltacht. Forbairtí Cónaitheacha - Dhá Theach nó Níos Mó: Moltar go gcuirfeadh na húdaráis phleanála coinníollacha teanga i bhfeidhm i gcás aon fhorbairtí nua de dhá thigh nó níos mó a déantar sa Ghaeltacht as seo amach. Ní mór clásal feidhme teanga a chur i bhfeidhm i gcás forbairtí cónaitheacha de dhá theach nó níos mó agus monatóireacht mar is cuí a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha úd. Iarrtar ar na húdaráis phleanála chuí Stratéis Tithíochta a ullmhú do Ghaeltacht na nDéise, i bpáirt le Comhlucht Forbartha na nDéise. Iarrfar ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge feidhm a thabhairt do mholtaí an Stratéis Tithíochta seo i bPlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge.’

#### AN PLEAN FORBARTHA CONTAE PHORT LÁIRGE 2011 - 2017

Sa Phlean Forbartha Contae Phort Láirge 2011 - 2017, tá sé luaithe maidir leis an nGhaeltacht ‘There is increasing pressure for one-off housing in the Gaeltacht area and the Planning Authority is committed to developing proactive policies that will protect the area from insensitive and unnecessary development. The Planning Authority may require, as part of a planning application, a Linguistic Impact Statement which would outline how a proposed development would support and sustain the character of the Gaeltacht. Furthermore the Planning Authority shall attach a linguistic condition, where necessary, for private housing developments requiring that 60% of the total residential element shall be restricted to ownership by persons who have demonstrated to the Planning Authority a reasonable fluency in the Irish language.’

‘Policy CS 19 It is the policy of the Council to: - Protect and sustain the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht area; - Promote the use of Irish in the Gaeltacht area, in the home, schools and in the workplace; - Focus residential development on accommodating the natural growth of the indigenous populations; and - Promote appropriate economic development, which would sustain the area and promote the use of Irish in Business.’

‘During the Plan period, the Council will liaise with the Department of Arts Gaeltacht and the Islands and Urdas na Gaeltachta to develop specific language planning objectives to establish and strengthen Irish speaking social networks and Irish medium institutions.’

Ní féidir an plean seo a mheas de bharr nach raibh aon tuairisc mhonatóireachta déanta ar an bplean. Is fiú a thógáil san áireamh go mbeidh tuairiscí monatóireachta bliantúla úsáideach chun an plean nua seo a ullmhú.

## STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAELIGE 2010 - 2030

Tá sé luaite sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: 'Pleanáil agus Forbairt sa Ghaeltacht

'Ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirilínte leathana pleanála chun cuidiú le húdarás áitiúla maidir le feidhmiú an Achta Pleanála agus Forbartha sa Ghaeltacht chun a chinntiú go dtabharfar cosaint d'fhéiniúlacht teanga faoi leith na Gaeltachta. Mar aitheantas ar an riachtanas atá le comhoibriú níos fearr idir rialtas áitiúil agus rialtas náisiúnta agus idir na hearnálacha éagsúla chun seirbhís níos éifeachtúla comhtháite a sholáthar, beidh sé mar aidhm ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus na Bainisteoirí Cathrach agus Contae forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí comhroinnte nua agus beidh saineolas cuí ann do na limistéir Ghaeltachta san earnáil pleanála. Bainfidh an stádas céanna le pleananna limistéar Gaeltachta agus a bhaineann le pleananna bailte. Chomh maith le ceadú a fháil ón údarás áitiúil, ceadóidh Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta na pleananna chun a chinntiú go mbeidh dóthain ionchuir iontu ó thaobh a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht na teanga ina gné de na pleananna.'

Is fiú é seo an ghné seo de chúrsaí pleanála a fhiosrú leis an Roinn Cultúir, Ealaíon, Meán, Turasóireachta, Spóirt agus Gaeltachta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun feiceáil a bhfuil treoirilínte ann gur féidir a úsáid sa Phlean Forbartha.

## MOLTAÍ I DTAOBH CEAD PLEANÁLA

1. Teastaíonn riachtanas sna rialacháin phleanála go mbeadh gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách i gcás gach tí bheartaithe agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur duine atá cáilithe go cuí a chuirfeadh le chéile í (.i. duine le cúlra nó cáilíocht sa phleanáil teanga nó sa tsochtheangeolaíocht) agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil.
2. Teastaíonn srian ar theach a dhíol ar aghaidh ach le cainteoir Gaeilge, srian a sheasfadh ar feadh 15 bliain ar a laghad agus a choisceadh an teach a ligean go fad téarmach (níos faide ná 3 mhí in aon bhliain amháin) ach amháin le cainteoirí Gaeilge.
3. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, molaimid gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha. Is éard is brí leis an gcaighdeán sin:-
4. Maidir le heastáit tithíochta, is beag slí go bhféadfadh a leithéid cur le labhairt na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta A & B. Go deimhin, is dochar agus dochar as cuimse a dhéanfadh a leithéid. Molaimid nach gceadófaí eastát tithíochta sa cheantar Gaeltachta A & B agus gur cheart é sin a dhéanamh soiléir i gcriosú (zónáil) na gceantar sin.
5. Ní mholaimid go gcuirfeadh coinníollacha teanga isteach ar dhaoine agus maidir le tithe sa toghroinn ar aisti ó dhúchas iad.
6. Molaimid go gcaithfí le daoine a thugann an fhianaise chuí go bhfuil inniúlacht ag leibhéal B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha acu amhlaidh is go raibh riachtanas áitiúil tithíochta acu gan a thuilleadh riachtanais a chomhlíonadh.
7. Tá limistéir ar imeall na Gaeltachta nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid iontu mórán agus nach raibh nuair a bronnadh stádas Gaeltachta orthu. Mura bhfuil fonn ar an bpobal na ceantair imeallacha seo a bheith san áireamh mar limistéir Ghaeltachta agus a bheith faoi réim na mbeartas thuas, ní chuirfimid ina aghaidh sin.

8. Go gcuirfear cosc ar ró-fhorbairt tithe saoire chun a chinntiú nach mbeadh níos mó ná 10% de thithe a thógfáir ina thithe saoire.

## CONCLÚID

Mar atá feicthe tríd an aighneacht seo tá go leor dualgais reachtúil ag an gComhairle chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chosaint maidir le forbairt tithíochta sa Ghaeltacht. Ina measc An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, Acht na Gaeltachta 2012, Scéim Teanga Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge atá ag feidhmiú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá gnéithe i dtaobh cúrsaí pleanála sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 atá gá le tógáil san áireamh sa Phlean Forbartha nua. Chomh maith le sin tá moltaí ann i dtaobh cead pleanála ab fhiú a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha nua. Níl aon anailís sochttheangeolaíochta á dhéanamh maidir le haon forbairtí nua Ghaeltacht, rud gur féidir a athrú sa Phlean Forbartha nua.

Ba chóir go mbeidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in ann Plean Forbartha sásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta má chuirtear na moltaí thuas san áireamh.